



4. Tionchar na Críostaíochta ar na logainmneacha

Is léir ó na logainmneacha go raibh an-tábhacht leis an gCríostaíocht agus leis an eaglais in Éirinn. Baineann a lán logainmneacha in Éirinn le nithe eaglasta ar nós ainmneacha na naomh, an chléir, láithreacha agus **lonnaíochtaí** eaglasta. D'fhás a lán bailte as lonnaíochtaí eaglasta.

Míreanna i logainmneacha a bhaineann le tionchar na Críostaíochta

Seo liosta de na míreanna i logainmneacha a bhaineann leis an eaglais agus samplaí de logainmneacha a bhfuil na míreanna sin iontu. Má fhéachann tú go **cúramach** ar an liosta, tabharfaidh tú faoi deara go bhfuil tú in ann go leor logainmneacha a thuiscint anois.

Gaeilge	Béarla	Samplaí
Ainmneacha naomh agus daoine naofa		
An Mhaighdean Mhuire	The Virgin Mary	Tobar Muire / <i>Tobermurry</i> (Luimneach)
Máire Mhaigidiléana	Mary Magdalene	Maidilín / <i>Maudlin</i> (An Mhí, Cill Chainnigh)
Naomh Bríd	Saint Bridget	Tobar Bhríde / <i>St. Bridget's Well</i> (Ros Comáin); Ráth Bhríde / <i>Rathbride</i> (Cill Dara)
Naomh Colm Cille	Saint Colmcille	Gleann Cholm Cille / <i>Glencolumbkille</i> (Dún na nGall); Altóir Cholm Cille / <i>St. Columbkille's Altar</i> (Gaillimh)
Naomh Pádraig	Saint Patrick	Ard Pádraig / <i>Ardpatrick</i> (Lú); Tobar Phádraig / <i>Patrickswell</i> (Luimneach); Cruach Phádraig / <i>Croaghpatrick</i> (Maigh Eo)
Críost	Christ	Cill Chríost / <i>Kilchreest</i> (Gaillimh); Iallait Chríost / <i>Christ's Valley</i> (Ciarraí)
An chléir		
ab	abbot	Baile an Aba / <i>Abbotstown</i> (Baile Átha Cliath); Leacht an Aba / <i>Laghtanabba</i> (Gaillimh)
bráthair	friar	Baile na mBráthar / <i>Friarstown</i> (Luimneach); Tobar na mBráthar / <i>Friar's Well</i> (Gaillimh)
cailleach	nun	Baile na gCailleach / <i>Ballynagallagh</i> (Luimneach); Teampall na gCailleach Dubh / <i>Templenagalliaghdoe</i> (Maigh Eo); Cill na Caillí / <i>Elmpark Demesne</i> (Luimneach)
easpag	bishop	Ceathrú an Easpaig / <i>Bishopsquarter</i> (An Clár); Cill Easpaig / <i>Killaspay</i> (Cill Chainnigh)
manach	monk	Baile na Manach / <i>Monkstown</i> (Baile Átha Cliath); Gráig na Manach / <i>Graiquenamanagh</i> (Cill Chainnigh)



4. Tionchar na Críostaíochta ar na logainmneacha

sagart	priest	Baile an tSagairt / Ballintaggart (Gaillimh); Cill na Sagart / Kilnasaggart (Ard Mhacha)
Láithreacha, lonnaíochtaí agus nithe eaglasta		
Aifreann	Mass	Sruthán an Aifrinn / Massbrook South (Maigh Eo); Cnocán an Aifrinn / Knockanafrin (Port Láirge); Cnoc an Aifrinn / Knockanafrin (Port Láirge); Clais an Aifrinn / Clashanafrin (Corcaigh) ; Loch an Aifrinn / Loughaunavhin (Gaillimh)
altóir	altar	Cnoc na hAltóra / Altar Hill (Dún na nGall); Altóir Cholm Cille / St. Columbkille's Altar (Gaillimh)
aireagal	oratory, little church	Aireagal Docharóg / Errigal Keerogue (Tír Eoghain); An Earagail / Errigal (Dún na nGall)
bachall	staff, crozier, pastoral staff	Baile Bachaille / Ballyboghal (Baile Átha Cliath)
baisleac	church	Baislic Mhór / Baslick (Ros Comáin, Muineachán)
boith	<i>féach both</i>	
both (ciall eaglasta go minic)	hut, cell	Both Chomhla / Bohola (Maigh Eo); Both Ficil / Bofickil (Corcaigh); Both Shalach / Boyhollagh (Maigh Eo)
cealla	churches	Na Cealla Beaga / Killybegs (Dún na nGall); Na Cealla / Kells (Aontroim, Ciarraí) ACH tagann <i>Kells</i> i gCo na Mí ó 'Ceanannas' (brí: mullach bán)
cealtrach	churched/graveyard	An Chealtrach / Caltra (Gaillimh)
cill	church	Seanchill / Shankill (Baile Átha Cliath), Cnoc na Cille / Killhill (Cill Dara)
cill + ainm naoimh	church + saint's name	Cill Chainnigh / Kilkenny (Cill Chainnigh); Cill Dalua / Killaloe (An Clár)
cill + ainm pobail	church + population name	Cill Ó gCillín / Killogilleen (Gaillimh); Cill Chonmhaicne / Kilconickny (Gaillimh)
cill + crann	church + tree	Cill Dara / Kildare (Cill Dara); Cill Iúir / Killure (Gaillimh)



4. Tionchar na Críostaíochta ar na logainmneacha

cill + ionad	church + place	Cill an Dísirt / <i>Killadysert</i> (An Clár); Cill Chluana Fearta / <i>Kilclonfert</i> (Gaillimh)
cillín	little church	Cillín Chéir / <i>Killinkere</i> (An Cabhán); An Cillín Liath / <i>Killeenleagh</i> (Corcaigh)
cillín, cillíneach	children's burial ground	Cillín Fhormaoile / <i>Formoyle Childrens' Burial Ground</i> (An Clár)
congháil	monastic (foundation), habitation, establishment	Congháil / <i>Conwal</i> (Dún na nGall, Luimneach); Nuachabháil / <i>Nohaval</i> (Corcaigh)
damhliag	a stone house, a stone church	Damhliag / <i>Duleek</i> (An Mhí)
díseart	hermitage	Cill an Dísirt / <i>Killadysert</i> (An Clár, Dún na nGall), <i>Killadiskert</i> (Liatroim); An Díseart / <i>Dysert</i> (An Iarmhí, Ros Comáin)
domhnach	church	Domhnach Mór / <i>Donaghmore</i> (Luimneach); Domhnach Broc / <i>Donnybrook</i> (Baile Átha Cliath)
eaglais	church, oratory, monastic cell	An Eaglais / <i>Aglish</i> ; An Eaglais / <i>Eglish</i> (Dún na nGall)
fairche	a parish or monastic diocese	An Fhairche / <i>Clonbur</i> (Gaillimh)
gléib	glebe	An Ghléib / <i>Glebe</i> (Luimneach, Gaillimh, Liatroim, Aontroim, Baile Átha Cliath, Cill Chainnigh, Cill Dara, Ciarraí, Cill Mhantáin, Corcaigh, Dún na nGall, Laois, Loch Garman, Longfort, Lú, Maigh Eo, Port Láirge, Tiobraid Árann, Uíbh Fhailí). Tá an mhír gléib an-choitianta i logainmneacha na hÉireann.
gráinseach	grange, monastic farm, a granary	Gráinseach na Gaoithe / <i>Grangegeeth</i> (An Mhí); Cnoc na Gráinsí / <i>Knocknagranshy</i> (Luimneach); An Ghráinsigh / <i>Grangehill</i> (Cill Chainnigh, Tiobraid Árann, Luimneach)
gráinsigh	<i>féach gráinseach</i>	
lann	land, ground, plot...house, building especially church	Lann Bheag / <i>Lambeg</i> (Aontroim); Lann Abhlaigh / <i>Glenavy</i> (Aontroim); Lainn Eala / <i>Lynally</i> (Laois)



4. Tionchar na Críostaíochta ar na logainmneacha

leacht	grave, grave-mound, monument	Leacht na mBard / Latnamard (Muineachán); Sleacht Mhánasa / Slaghtmanus (Doire)
mainistir	monastery, abbey	Mainistir na Croiche / Holycross (Tiobraid Árann); Mainistir Eimhín / Monasterevin (Cill Dara)
scrín	shrine (usually containing saints' relics)	An Scrín / Screen (Loch Garman), Skreen (Sligeach); Scrín Cholm Cille / Skreen (An Mhí)
séipéal	church	Séipéal Iosóid / Chapelizod (Baile Átha Cliath); Baile an tSéipéil / Chapeltown (An Dún)
sleacht	<i>féach leacht</i>	
steach, stigh	<i>féach teach</i>	
tamhlacht	(pre-Christian) burial place	Tamhlacht / Tallaght (Baile Átha Cliath)
teach, tígh	house, church structure	Teach Sagard / Saggart (Baile Átha Cliath); Tigh Molaige / Timoleague (Corcaigh); Tigh Damhnata / Tedavnet (Muineachán); Stigh Colláin / Stackallan (An Mhí); Steach Caillí / Stakally (Cill Chainnigh)
teampall	church	Teampall Phádraig / Templepatrick (Aontroim); An Teampall Mór / Templemore (Tiobraid Árann)
tearmann	the lands of a church or monastic settlement within which rights of sanctuary prevailed	An Tearmann / Termon (An Cabhán, Dún na nGall, Liatroim); Tearmann Feichín / Termonfeckin (Lú)
tigh	<i>féach teach</i>	
tobar	(holy) well	Tobar Phádraig / Toberpatrick (Cill Mhantáin); Tobar Rí an Domhnaigh / Toberreendoney (Ciarraí, Maigh Eo)
tuaim	(pre-Christian) mound, tumulus, burial place	Tuaim Gréine / Tomgraney (An Clár); Cill Tuama / Kiltoom (Ros Comáin)
urnaí	act of praying, oratory	An Urnaí / Nurney (Ceatharlach, Cill Dara), Urney (Tír Eoghain); Cill Urnaí / Killurney (TÁ)



4. Tionchar na Críostaíochta ar na logainmneacha CEACHTANNA

Rangú logainmneacha de réir téamaí

Cuir na logainmneacha seo a leanas sna colúin chearta sa tábla thíos de réir na dtéamaí lena mbaineann siad. Tá roinnt samplaí déanta.

Cloch na Manach	Domhnach Mór	Cnoc Bhríde
An Séipéal	Coill Fheichín	Teampall an Ghleanntáin
Faiche Chiaráin	Gleann na gCailleach	Maolráth na Sagart

Ainmneacha naomh	An chléir	Láithreacha, lonnaíochtaí eaglasta
Tobar Phádraig	Droim an Easpaig	An Chill Mhór

Brí logainmneacha

Má fhéachann tú go **cúramach** ar liosta na **míreanna coitianta** a bhaineann le **tionchar** na Críostaíochta ar na logainmneacha, tabharfaidh tú faoi deara go bhfuil tú in ann go leor logainmneacha a thuiscint anois. Líon isteach an **bhrí liteartha** i mBéarla sa tábla thíos. Tá dhá cheann déanta duit.

Leid: Tá nótaí mínithe ag gabháil le cuid de na logainmneacha ar www.logainm.ie. Ná déan dearmad go gcaithfidh tú cliceáil ar na torthaí ar chlé chun tuilleadh sonraí i dtaobh na háite a fheiceáil ar dheis:

Cloch na Manach

»

Sráidainmneacha san áireamh

Ainmneacha cosúla ▼

Cloch na Manach/Cloghnamanagh
(baile fearainn)
Luimneach

léarscáil **sonraí**

contae	Luimneach/Limerick
barúntacht	An Déis Bheag/Smallcounty
paróiste dli	Feadamair/Fedamore

baile fearainn **Cloch na Manach**
gin. **Chloch na Manach**
ainm deimhnithe
(Gaeilge)

Cloghnamanagh
(Béarla)

Nóta mínithe

“ the stone (structure) of the monks

Nasc bun

<http://www.logainm.ie/30724.aspx>

Leid: Mura bhfuil nóta mínithe ag gabháil le háit b'fhiú féachaint ar na taifid chartlainne a ghabhann le cuid de na háiteanna ar www.logainm.ie. Is éard atá sna taifid chartlainne ná **tagairtí stairiúla** a thugann eolas maidir le **litriú** ainm na háite ag am áirithe, mar shampla i leabhar. Bíonn nótaí mínithe agus samplaí den fhoghraíocht ar chuid de na taifid freisin.



4. Tionchar na Críostaíochta ar na logainmneacha CEACHTANNA

Cill na Sagart

Sráidainmneacha san áireamh

Ainmneacha cosúla

Cill na Sagart/Kilnasaggart
(láthair eaglasta)
Ard Mhacha

léarscáil sonraí

< ar ais

Taifid chartlainne

1/1

KILNASAGGART *in mbf nárpann* & ARDMACHA

in mbf Edennappa in p. Jonesboro XXXII, 6

cill na sagart church of the priests

in mbf Edennappagh Ard an t-iarraidh

hill brow of the knolls or knobs

'There is also in this townland a monumental stone of great antiquity of which the following is a copy (sic) in LOC SO ZANIM M OORNI ZERNOHC MOCCERAIN OIC EACUL PEZER APSCEL. Translated by Mac Donnovan. In this place is the celestial steward Ternoche Mac Kessain the disciple of Peter the apostle. 93NB AA MF 61

AN 124024

Logainm	Bri liteartha i mBéarla
Cloch na Manach	the stone (structure) of the monks
Cill na Sagart	the church of the priests
Teampall Chríost	
Talamh an Easpaig	
Loch an Aifrinn	
Na Cealla	
Cill Phódraig	
Díseart Ciaráin	
Domhnach Mór	
Eaglais Mhuire	
Mainistir na gCailleach	
Séipéal Bhríde	
Tamhlacht Bheag	
Teampall Mhichíl	
An Tobar	
Tuaim	

Aimsigh logainmneacha a bhfuil míreanna ar leith iontu

Tá an chéad cheann déanta. **Leid:** seo nasc chuig treoracha maidir le cuardach a dhéanamh ar shuíomh logainm.ie:

Gaeilge: <http://www.logainm.ie/Info.aspx?menuitem=about&contentTitle=help.cuardach&uiLang=ga>

Béarla: <http://www.logainm.ie/Info.aspx?menuitem=about&contentTitle=help.cuardach&uiLang=en>

Leid: Bain triail as uimhir uatha, uimhir iolra, agus tuiseal ginideach na míreanna a chuardach chun teacht orthu ar www.logainm.ie. Is féidir na foirmeacha uatha, iolra agus ginidigh a lorg ar www.focal.ie nó i bhfoclóir.



4. Tionchar na Críostaíochta ar na logainmneacha CEACHTANNA

Mar shampla más é an mhír **cill** atá á lorg agat cuardaigh na **leaganacha** seo a leanas:

- Cuardaigh ‘cill’ agus gheobhaidh tú logainmneacha mar **Cill Chainnigh**
- Cuardaigh ‘chill’ mar a bheadh an mhír ar lorg an ailt agus gheobhaidh tú logainmneacha mar **An Chill Mhór**
- Cuardaigh ‘cille’ mar a bheadh an mhír sa **tuiséal ginideach** agus gheobhaidh tú logainmneacha mar **Cnoc na Cille**
- Cuardaigh ‘cealla’ mar a bheadh an mhír san uimhir iolra agus gheobhaidh tú logainmneacha mar **Na Cealla Beaga**

Tar éis duit cuardach a dhéanamh, is minic a fheicfidh tú bosca aníos faoin mbosca cuardaigh. Anseo, gheobhaidh tú liosta ainmneacha eile sa tír atá cosúil leis an **mír/ainm** a scríobh tú isteach. Mar shampla, má chuireann tú an mhír **sagart** sa bhosca cuardaigh, gheobhaidh tú an logainm **Agard Hae** toisc gur *Assagart* an Béarla atá air:

sagart

»

Sráidainmneacha san áireamh

Assagart (1)

Agard Hae/Assagart
(baile fearainn)
Loch Garman

Ach níl baint ag an logainm seo le ‘sagart’. Mar sin, ba chóir duit féachaint sa bhosca aníos féachaint an bhfuil logainm ann a bhfuil an mhír ‘sagart’ sa logainm Gaeilge. Feicfidh tú go bhfuil neart samplaí ann.

sagart

»

Sráidainmneacha san áireamh

Assagart (1)

Assagart (1)

Baile na Sagart (1)

Baile na Sagart Beag Thiar (1)

Baile na Sagart Beag Thoir (1)

Baile na Sagart Mór (2)

Ceathrú na Sagart (2)

Cill na Sagart (1)

Cluain na Sagart (1)

Cnoc Bhaile na Sagart Beag (1)

Cnoc na Sagart (1)

Cnoc Sagart (1)

Cnoic Dhoire na Sagart (2)

Coill na Sagart (1)

Cruach na Sagart (1)

Doire na Sagart (2)

Gléib Bhaile na Sagart Beag (1)

Leac na Sagart (1)

Maolráth na Sagart (1)

Poll na Sagart (2)

Rathcoole & Sagart Community C

Srath na Sagart (1)

Tassagart Drive (1)

Teach na Sagart (1)

Tigh na Sagart (1)

Saggart (5)

Saggart Abbey (1)

Saggart Hill (1)

Saggart Lakes (1)

Saggart Lodge Court (1)

Saggart Road (1)



4. Tionchar na Críostaíochta ar na logainmneacha CEACHTANNA

1. Scríobh logainm a bhfuil an mhír **sagart** mar chuid de? **Freagra:**

Tá sé sa logainm **Baile na Sagart**.

2. Scríobh logainm a bhfuil an mhír **manach** mar chuid de?

.....

3. Scríobh logainm a bhfuil an mhír **díseart** mar chuid de?

.....

4. Scríobh logainm a bhfuil an mhír **Aifreann** mar chuid de?

.....

5. Scríobh logainm a bhfuil an mhír **cill** mar chuid de?

.....

6. Scríobh logainm a bhfuil an mhír **cillín** mar chuid de?

.....

7. Scríobh logainm a bhfuil an mhír **domhnach** mar chuid de.

.....

8. Scríobh logainm a bhfuil an mhír **mainistir** mar chuid de.

.....

9. Scríobh logainm a bhfuil an mhír **tearmann** mar chuid de.

.....

10. Scríobh logainm a bhfuil an mhír **leacht** mar chuid de.

.....

11. Scríobh logainm a bhfuil an mhír **tuaim** mar chuid de.

.....



4. Tionchar na Críostaíochta ar na logainmneacha CEAHTANNA

Léamhthuiscint

Cill Mochriodóg / *Kilmacredock*

Léigh an t-alt faoi Chill Mochriodóg ag an nasc seo a leanas agus freagair na ceisteanna thíos. Tabhair faoi deara go bhfuil **leagan** Gaeilge agus Béarla den alt ar fáil ach cliceáil ar na cnaipí 'Leagan Gaeilge' nó 'English version' ag barr an scáileáin ar dheis.

<http://www.logainm.ie/1194.aspx>

1. Cén contae ina bhfuil paróiste Chill Mochriodóg?

.....

2. Cén litriú Béarla a bhí ar an áit sa bhliain 1552 de réir cáipéisí stairiúla?

.....

3. Tá an paróiste ainmnithe as foirgneamh. Cén foirgneamh é?

.....

4. Seans gur ainm naoimh atá caomhnaithe sa logainm seo. Cén naomh atá i gceist?

.....

5. Tá 3 chontae in Éirinn a bhfuil an mhír **cill** mar chuid dá n-ainmneacha. Aimsigh iad. Cad is brí le **cill**?

.....

Ábhar plé

Baineann na logainmneacha seo a leanas lena bheith amuigh faoin aer. Cén fáth meas tú?

Sruthán an Aifrinn / Massbrook South (Maigh Eo); **Cnoc an Aifrinn / Knockanaffrin** (Port Láirge);

Clais an Aifrinn / Clashanaffrin (Corcaigh); **Loch an Aifrinn / Loughanavhin** (Gaillimh); **Cnoc na hAltóra / Altar Hill** (Dú

Lough Nahaltora (Maigh Eo).